

# Tuarascáil Rialála Chigireacht na Luathbhlianta Réamhscoil

Uimhir Aitheantais TUSLA:	TU2015GY169
Ainm na Seirbhíse:	Naíolann na n Oileáin
Seoladh na Seirbhíse:	Tir an Fhia, Leitir Móir, Co. na Gaillimhe.
Eirchód:	H91 DWV1
Ainm an tSoláthraí Chláraithe:	Peadar Ó Maoláin
Cineál na Seirbhíse	Lá Iomlán, Páirtaimseartha, Seisiúnach
Dáta na Cigireachta:	09/09/2024
Líon na leanaí réamhscoile:	AM 24 PM 30
Seoladh na Cigireachta Luathbhlianta:	Tusla - An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, Cigireacht na Luathbhlianta, An Stiúrthóireacht um Dhearbhú Cáilíochta, Foirgneamh Cliniciúil & Riaracháin, Bloc A- (An Chéad Chonair Urlár-Glas), Páirc Mhuirlinne, Gaillimh
Cigireacht arna déanamh ag:	F. Nic Dhonnacha & S. O Miodhcain
Teideal :	Cigirí na Luathbhlianta

## Údarás chun cigireacht a dhéanamh

Déanann Cigireacht na Luathbhlianta, Tusla cigireacht ar Sheirbhísí Luathbhlianta faoi Alt 58(J) den Acht um Chúram Leanaí, 1991 (arna chur isteach le hAlt 92 den Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013).

# Tuarascáil Rialála Chigireacht na Luathbhlianta Réamhscoil

Coinníollacha, má bhaineann le hábhar

Neamhbhainteach

## Cur síos ar an tseirbhís

Tá an tseirbhís lonnaithe i Leitir Mór, Contae na Gaillimhe. Cuirtear lá iomlán, páirtaimseartha agus clár cúraim seisiúnach ar fáil do pháistí idir sé mhí agus sé bliana d'aois, ó Luan go hAoine ó 08:00 uair go 17:30 uair.

Tá an tseirbhís suite i bhfoirgneamh saintógtha, ina bhfuil ceithre sheomra cúraim réamhscoile, seomra codlata amháin ata ainmnithe, seomra bia, cistin, fóntais agus limistéir sláintíochta.

Bhí ceithre sheomra cúraim i bhfeidhm lá na cigireachta. Ina measc bhí: seomra na Leanbh (raon aoise: deich mí go hocht mí dhéag), seomra na Lapádáin (raon aoise: mí go leith go dhá mhí agus aon mhí dhéag) le seomra idirnasctha a úsáidtear chun críocha codlata anois, seomra Montessori (raon aoise: trí nó cúig bliana) agus an Seomra Spraoi (raon aoise: trí nó cúig bliana).

Tá cistin ainmnithe ann ina ndéantar na príomhbhéilí a ullmhú, a chócaráil agus a stóráil ar an láthair. Tá úsáid á baint ag na páistí as an limistéar súgartha lasmuigh ar chúl an áitribh faoi láthair.

Is seirbhís le Gaeilge í an réamhscoil, agus tá an fhoireann agus na páistí fite fuaite i gcultúr agus oidhreacht na hÉireann sa cheantar Gaeltachta gach lá.

## Soláthar foirne

Tá aon duine dhéag duine fásta fostaithe ag an tseirbhís. Tá an soláthraí cláraithe mar chuid de bhord bainistíochta agus ní oibríonn sé sa tseirbhís. Le linn na cigireachta bhí bainisteoir i láthair. D'oibrigh naonúr daoine fásta go díreach leis na páistí. Bhí foireann chúnta amháin i lathair a thug faoi dhualgais ullmhúcháin bia sa tseirbhís.

## Modheolaíocht

Is í Cigireacht na Luathbhlianta, Tusla, rialtóir reachtúil neamhspleách ar sheirbhísí luathbhlianta in Éirinn.

Sainmhínítear i Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) 2016 dualgas an tsoláthraí chlárthaíte sábháilteacht agus folláine leanaí a chinntiú agus cloí leis na riachtanais seo. Tugann an tAcht seo údarás do Tusla measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh leis na rialacháin. Is é is aidhm le rialáil maidir le seirbhísí óige ná a chinntiú go seastar le cúram, sábháilteacht, agus folláine na leanaí a fhreastalaíonn ar na seirbhísí seo.

Pleanáiltear cigireachtaí ar sheirbhísí luathbhlianta bunaithe ar na pointí seo a leanas:

- Stair chigireachta na seirbhíse
- Eolas ar bith a fhaightear maidir leis an tseirbhís
- Tá torthaí na cigireachta bunaithe ar:
- Eolas a fhaightear trí dhoiciméid a imscrúdú

# Tuarascáil Rialála Chigireacht na Luathbhlianta Réamhscoil

- Breathnú díreach
- Plé le baill foirne ábhartha

Ba chigireacht neamhfhógartha é seo, agus díriodh ar rialachas, sláinte, folláine agus forbairt an linbh, sábháilteacht agus áitreabh agus saoráidí lena linn. Féadfaidh cigireacht díriú ar réimsí eile chomh maith, de réir mar is gá.

Dhírigh an chigireacht ar scrúdú comhlíontadh faoi rialacháin 9, 10, 11, 16(h)(k), 19(1)(a)(b) and 27; mar sin féin, le linn an chigireacht sainithníodh neamhchomhlíonadh breise a raibh riosca ag baint leis faoi Rialachán 23 agus 29. Leagtar amach na torthaí sin laistigh den rialachán/na rialacháin ábhartha laistigh den tuarascáil seo.

Leagtar amach torthaí na cigireachta sa tuarascáil maidir leis an gcigireacht a eisítear mar dhréacht-tuarascáil ar dtús chuig an tseirbhís, agus bíonn deis ag an tseirbhís freagra a thabhairt ar thorthaí ar bith a luaitear inti. I gcás go sainithnítear nach bhfuil ceanglais reachtúla á gcomhlíonadh, ní mór don soláthraí cláraithe léiriú a thabhairt ar an mbealach a réitíodh an neamhchomhlíonadh agus mar a chuirfear cosc ar an neamhchomhlíonadh amach anseo. Úsáidfean an plean um Gníomh Ceartaitheach agus Gníomh Coiscitheach (CAPA) chun bonn eolais a chur le cinntí maidir le comhlíonadh le ceanglais rialála. I gcás nach n-éiríonn leis an soláthraí cláraithe na ceanglais reachtúla a chomhlíonadh, féadfar próiseas géaraithe a thosú.

Forchoimeádann an Chigireacht an ceart chun eagarthóireacht a dhéanamh ar fhreagraí a fhaightear ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear soiléireacht; iomláine; agus chun próisis riaracháin agus dlíthiúla a chomhlíonadh.

Is í an Chigireacht a thiomsaíonn ábhar na tuarascála.

## Buíochas

Is mian leis na cigirí buíochas a ghabháil leis an duine i gceannas, an banisteoir, leis an bhfoireann agus leis na leanaí a bhí i láthair ar lá na cigireachta as a gcomhoibriú ar fad.

# Tuarascáil Rialála Chigireacht na Luathbhlianta Réamhscoil

## Cuid III – Bainistíocht agus Foireann

### Rialachán 9 – Bainistíocht agus earcaíocht

#### (1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe-

(a) go mbeidh sa tseirbhís duine i bhfeighil ainmnithe agus duine arna ainmniú nó arna hainmniú a bheidh ábalta gníomhú mar ionadaí de réir mar is gá,

(b) go mbeidh an duine i bhfeighil ainmnithe nó an duine arna ainmniú nó arna hainmniú dá dtagraítear i bhfomhír (a) san áitreabh gach tráth le linn na tréimhse ina mbeidh an tseirbhís réamhscoile á seoladh, agus

(2) Cinnteoidh soláthraí cláraithe gur duine oiriúnach inniúil gach fostaí, gach oibrí nach n-íoctar agus gach conraitheoir, agus cineál na riachtanas a bhíonn ar leanaí á chur san áireamh, lena n-áirítear trí na nithe seo a leanas a dhéanamh–

(a) breithniú ar theistiméireacht ó fhostóirí an duine san am a caitheadh, más ann, agus go háirithe ar theistiméireacht ón bhfostóir is déanaí, más ann,

(b) breithniú ar theistiméireachtaí ó fhoinsí iontaofa i gcás duine nach raibh aon fhostóirí air nó uirthi san am a caitheadh,

(c) breithniú ar an nochtadh grinnfhiosrúcháin a fuarthas ó Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána de réir Acht 2012 i leith an duine, agus

(d) a chinntiú, a mhéid is indéanta, go soláthróidh duine, i gcás go raibh cónaí ar an duine i stát seachas an Stát ar feadh tréimhse ab fhaide ná 6 mhí as a chéile, grinnfhiosrúchán ag póilíní ó na húdaráis phóilíneachta sa stát sin.

(4) Cinnteoidh soláthraí cláraithe, gan dochar do ghinearáltacht mhír (2) agus faoi réir mhíreanna (5) agus (6), go sealbhaíonn gach fostaí a bhíonn ag obair go díreach le leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís, mórdhámhachtain i gCúram agus Oideachas Luath-Óige ar Leibhéal 5 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí nó cáilíocht a mheasfaidh an tAire a bheith coibhéiseach léi sin, ar a laghad.

(7) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go ndéanfar gach fostaí, oibrí agus conraitheoir gan phá a mhaoirsiú go cuí agus go gcuirfear faisnéis chuí ar fáil dóibh, agus, i gcás inar gá, oiliúint, lena n-áirítear i ndáil leis na nithe seo a leanas:

(a) polasaithe, nósanna imeachta agus ráitis na seirbhíse a shonraítear i Sceideal 5;

## Faisnéis maidir le Comhlíonadh:

(1)(a)

Go raibh duine ainmnithe i gceannas agus go raibh duine ainmnithe ar fáil chun ionadaíocht a dhéanamh sa tseirbhís.

(b)

Bhí an duine a bhí i gceannas ar an áitreabh nuair a tháinig na cigirí luathbhlianta agus d'fhan sí ar an láthair ar feadh ré an iniúchta.

Ar lá na cigireachta, rinneadh athbhreithniú ar aon chomhad déag lena n-áirítear an soláthraí cláraithe, cócaire cistine agus naonúr daoine fásta a sholáthraíonn cúram díreach do na leanaí.

(2)(a) &(b)

Bhí dhá thagairt bhailíochtaithe is fiche i scríbhinn ar chomhad, i leith an aon duine dhéag aosach ó fostóir nó foinsé seachas iarfhostóir.

(c)

Go raibh nochtadh grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána ar fáil i leith an aon duine dhéag aosach.

(d)

Léirigh fianaise dhoiciméadach go raibh duine fásta amháin, a bhí ina chónaí lasmuigh den dlínse, níos mó ná 6 mhí as a chéile, agus iad os cionn 18 mbliana d'aois, bhí grinnfhiosrúchán riachtanach na bpóilíní acu.

(4)

Bhí fianaise ag naonúr ball foirne a bhí ag obair go díreach leis na leanaí ar Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) Leibhéal 5 leibhéal 8, i gCúram agus Oideachas na Luath-Óige.

(7)(a)

Bhí beartas maoirseachta i bhfeidhm sa tseirbhís, agus dheimhnigh an bhainistíocht go raibh maoirseacht ar siúl agus aithníodh aon riachtanais oiliúna ionductúcháin, agus rinneadh an oiliúint dhoiciméadaithe dheireanach i mí Eanáir 2024.

Léirigh agus shínigh na daoine fásta i ngach seomra cúraim go raibh polasaí agus nósanna imeachta na seirbhíse léite acu.

Bhí fianaise dhoiciméadaithe ar fáil do bhall foirne nua a thosaigh sa tseirbhís ón iniúchadh deireanach a léirigh go raibh na polasaithe, na nósanna imeachta agus na ráitis don tseirbhís léite ag an duine fásta.

Rinneadh athbhreithniú ar an bpolasaí earcaíochta agus bhí sé ag teacht leis an dea-chleachtas maidir le grinnfhiosrúchán sábháilte agus earcú foirne.

Bhí an beartas timpiste agus eachtraí ag teacht le treoirínite dea-chleachtais agus cuireadh i bhfeidhm mar is cúí é.

## Rialachán 10 - Polasaithe, nósanna imeachta etc. na seirbhíse réamhscoile

*Cinnteoídh soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile go bhfuil na beartais, na nósanna imeachta agus na ráitis i scríbhinn a shonraítear i Sceideal 5 i bhfeidhm don tseirbhís.*

### Faisnéis faoi Chomhlíonadh

Rinneadh athbhreithniú ar shampla de nósanna imeachta beartais agus ráitis na seirbhíse a bhain go sonrach le Sceideal 5 agus comhlíonadh na riachtanais. I measc na mbeartas agus na nósanna imeachta a athbhreithníodh bhí,

- Polasaí Timpistí agus Teagmhais.
- Polasaí Earcaíochta.
- Beartas Maoirseachta.
- Polasaí maidir le Codladh Sábháilte.
- Beartas maidir le Rialú Ionfhabhtaithe.

## Cuid III – Bainistíocht agus Foireann

### Rialachán 11 - Leibhéal Foirne

*(1) Faoi réir an Rialacháin seo, cinnteoídh soláthraí cláraithe go mbeidh gach tráth líon leordhóthanach de dhaoine fásta ag obair go díreach leis na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoile.*

*(2) Faoi réir mhíreanna (4) agus (5), cinnteoídh soláthraí cláraithe seirbhíse cúraim lae iomláine nó seirbhíse cúraim lae páirtaimseartha go gcomhlíonfar gach tráth an cóimheas íosta idir daoine fásta agus leanaí a shonraítear i gcolún (3) de Chuid 1 de Sceideal 6 os coinne uimhir thagartha áirithe a shonraítear i gcolún (1) den Chuid sin i leith raon aoise na leanaí a shonraítear i gcolún (2) den Chuid sin ag an uimhir thagartha sin sásta sin.*

*(8) Gan dochar do mhíreanna (2) go (7)-*

*(a) cinnteoídh soláthraí cláraithe seirbhísí réamhscoile seachas seirbhís feighlíochta leanaí nó seirbhís réamhscoile seisiúnach go bhfuil 2 dhuine fásta ar a laghad san áitreabh i gcónaí,*

### Faisnéis maidir le Comhlíonadh:

11(1) Le linn thréimhse an iniúchta, chinntigh an soláthraí cláraithe go raibh líon leordhóthanach foirne ag obair go díreach leis na leanaí.

(2) Chinntigh an soláthraí cláraithe go raibh naonúr aosach ag obair sa tseirbhís le 24 leanbh réamhscoile gach mhaidin.

- Bhí beirt leanaí idir 10 mí agus 1 bhliain d'aois,
- Bhí ochtar leanaí idir 1 bhliain agus 2 bhliain d'aois,
- Bhí 3 leanbh idir 2 agus 3 bliana d'aois,
- Bhí 11 leanbh idir 3 agus 5 bliana d'aois,

Bhí naonúr daoine fásta ag obair le 30 páiste réamhscoile tráthnóna lá na cigireachta. Ina theannta sin, bhí cócaire cistine ann agus chabhraigh an bainisteoir le codanna riaracháin na cigireachta.

- Bhí beirt leanaí idir 10 mí agus 1 bhliain d'aois,
- Bhí seachtar leanaí idir 1 bhliain agus 2 bhliain d'aois,
- Bhí 3 leanbh idir 2 agus 3 bliana d'aois,
- Bhí 18 leanbh idir 3 agus 5 bliana d'aois,

(8)(a) Léirigh fianaise dhoiciméadach go raibh ar a laghad 2 dhuine fásta san áitreabh i gcónaí nuair a bhí an réamhscoil ag feidhmiú.

## Cuid IV – Faisnéis agus Taifid

### Rialachán 16 – Taifead i ndáil le seirbhís réamhscoile

(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go gcoimeádfar taifead i scríbhinn ar an bhfaisnéis seo a leanas i ndáil leis an tseirbhís:

- (i) mionsonraí i dtaobh uainchláir foirne ar bhonn laethúil;
- (k) mionsonraí i dtaobh aon tionóisc, aon díobháil nó aon teagmhas a bhainfidh do leanbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís.

### Faisnéis maidir le Comhlíonadh:

(i)  
Bhí uainchlár foirne/ leabhar rolla ar fáil agus rinneadh athbhreithniú air. Léirigh an uainchlár/ leabhar rolla uaireanta oibre na mball foirne agus neamh láithreach na baill foirne ón tseirbhís. Léirigh sé gur coinníodh cóimheas leanaí agus daoine fásta.

(k)  
Rinneadh athbhreithniú ar an bpolasaí taifead agus seirbhíse maidir le timpistí agus eachtraí le trí mhí anuas. Tugadh faoi deara go ndearnadh an próiseas ceart timpistí agus eachtraí de réir pholasaí na seirbhíse. Rinneadh measúnú riosca mionsonraithe tar éis timpiste nó teagmhais de réir an dea-chleachtais. Léirigh an bainisteoir fianaise dhoiciméadaithe ar na measúnuithe riosca agus sonraí faoi riachtanais oiliúna na foirne. Bhí dátaí oiliúna beartaithe do gach ball foirne.

## Cuid V - Cúram Linbh i Seirbhís Réamhscoile

### Rialachán 19 - Sláinte, leas agus forbairt linbh

(1) *Cinnteoídh soláthraí cláraithe, le linn dó nó di a bheith ag soláthar seirbhís réamhscoile—*

(a) *go ndéanfar foghlaim, forbairt agus leas gach linbh a urasú laistigh de shaol laethúil na seirbhíse réamhscoile trí na gníomhaíochtaí cuí, an idirghníomhaíocht chuí, na hábhair chuí agus an trealamh cuí a sholáthar, ag féachaint d'aois agus do chéim forbartha an linbh, agus*

(b) *go mbeidh cleachtais chúraim chuí oiriúnacha ar bun sa tseirbhís réamhscoile, ag féachaint don líon leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís agus do chineál a riachtanas.*

### Faisnéis maidir le Neamh Comhlíonadh:

(1) (a) & (b)

#### Riachtanais Bhunúsacha

- Níor tairgeadh dinnéar do bheirt pháistí idir 17 agus 18 mí d'aois de réir a n-aoise agus a gcéim forbartha agus níor tugadh deis dóibh iad féin a bheathú.  
Bhí ball den fhoireann ag tabhairt cúnamh na gasiúr a bheathú ina raibh fataí bruite agus anraith acu le haghaidh dinnéar. Níor thacaigh sé seo le forbairt teanga trí uigeacht a thabhairt isteach sa bhia agus níor thacaigh sé le scileanna mínluaile trí chead a thabhairt do pháiste féin-bheatha a dhéanamh.
- Ní raibh meas ar dhínit an linbh ag an leithreas. Thóg ball foirne triúr páistí le chéile isteach i leithreas dhaoine fásta amháin. Thug na cigirí faoi deara páiste amháin ar phota, páiste amháin ar an leithreas agus páiste amháin ag fanacht leis an leithreas a úsáid.

## Ag Tacú le Caidrimh

3. Tá a leabhar taifead féin ag gach páiste a bhaineann le imeachtaí laethúil sa tseirbhís agus cuirfidh an fhoireann an t-eolas ar fáil do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí ar bhonn laethúil. Síneoidh thuismitheoirí an leabhar taifead chun a dheimhniú go bhfuil an t-eolas faighte acu.
4. Tá róta déanta don limistéar súgartha lasmuigh ar chúl an áitribh fad a bheidh oibreacha tógála á ndéanamh chun deis a thabhairt do gach páiste súgradh amuigh faoin aer.
5. Cinnteoidh an soláthraí cláraithe go mbeidh teacht ag gach leanbh ar na barraí seasta agus ar na bréagáin chéadfacha i seomra na mbabáí.
  - Cinnteoidh an soláthraí cláraithe go mbeidh teacht ag leanaí ar threalamh agus ábhair súgartha i mboscaí beaga ar seilfeanna ísle le pictiúir ionas gur féidir leo na bréagáin i seomra na mbabáí agus Lapadán araon a aithint.
6. Cinnteoidh an soláthraí cláraithe go gcuirfear clár gníomhaíochtaí i bhfeidhm láithreach a nascann le curaclam téamaí atá ag teacht chun cinn agus aois agus céim forbartha na leanaí.
7. Cinnteoidh an soláthraí cláraithe go dtaifeadfar breathnóireachtaí laethúla do gach leanbh chun a riachtanais agus a gcumas forbartha a dheimhniú agus chun tacaíocht a chur ar fáil nuair is gá.
8. Cinnteoidh an soláthraí cláraithe go bhfuil taifead foghlama/ dialann foghlama ag gach páiste a thabharfaidh breac-chuntas ar fhoghlaim na bpáistí le haidhmeanna agus spriocanna Aistear a chuirfear san áireamh roinnfear é seo leis na thuismitheoirí ar bhonn leanúnach. Tá gníomhaireacht tacaíochta ag obair leis an tseirbhís faoi láthair chun tacú leis an réimse seo.

## Gníomh Ceartaitheach agus Coisctheach a chuir an Soláthraí Cláraithe isteach

Ar an 19/09/2024 chuir an soláthraí cláraithe an méid seo a leanas in iúl:

### **Gníomhaíocht Cheartaitheach agus Choisctheach**

Riachtanais Bhunúsacha

1. Nuashonraíodh an beartas bia sláintiúla chun soiléireacht a thabhairt don fhoireann maidir leis an gcur chuige maidir le bia sláintiúil, sábháilte agus cothaitheach a sholáthar le huigeachtaí éagsúla chun freastal ar riachtanais aois agus céim forbartha na pháistí.
2. Coimeádfar dínit agus príobháideachas an linbh i gcónaí le linn am leithris. Úsáidfidh páiste amháin an leithreas ag aon am amháin agus déanfaidh an bainisteoir monatóireacht ar an gcleachtas seo.

Caidrimh Thacaíochta

1. Tá a leabhar taifead féin ag gach páiste a bhaineann le gnáthamh laethúil sa tseirbhís agus cuirfidh an fhoireann an t-eolas ar fáil ann do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí ar bhonn laethúil. Síneoidh thuismitheoirí an leabhar taifead chun a dheimhniú go bhfuil an fhaisnéis faighte acu.

2. Tá rota déanta don limistéar súgartha lasmuigh ar chúl an áitribh fad is atá oibreacha tógála ag dul ar aghaidh chun deis a thabhairt do gach páiste súgradh amuigh faoin aer.
  - Cinnteoidh an soláthraí cláraithe go mbeidh rochtain ag gach leanbh ar na barraí seasta agus ar na bréagáin chéadfacha sa seomra Leanbh.
3. Cinnteoidh an soláthraí cláraithe go mbeidh rochtain ag páistí ar threalamh agus ábhair súgartha i mboscaí beaga ar seilfeanna ísle le pictiúir orthu ionas gur féidir leo na bréagáin sa seomra na Leanabh agus i seomra na Lápadáin araon a aithint.
4. Cinnteoidh an soláthraí cláraithe go gcuirfear clár gníomhaíochtaí i bhfeidhm láithreach a nascann le téamaí atá ag teacht chun cinn, curaclam agus aois agus céim forbartha na bpáistí.
5. Cinnteoidh an soláthraí cláraithe go ndéanfar breathnóireachtaí laethúla a thaifeadadh do gach leanbh chun a riachtanais agus a gcumas forbartha a bhunú agus chun tacaíocht a chur ar fáil nuair is gá.
6. Cinnteoidh an soláthraí cláraithe go mbeidh taifead/dialann foghlama ag gach páiste ina leagtar amach foghlaim na bpáistí agus go roinnfear é sin leis na tuismitheoirí ar bhonn leanúnach. Tá gníomhaireacht tacaíochta ag obair leis an tseirbhís faoi láthair chun tacú leo.

### **Doiciméid tacaíochta a cuireadh isteach**

Grianghraif, polasaithe nuashonraithe, cóip de thaifid oiliúna foirne, grianghraif de na bréagáin agus ábhair súgartha sa seomra do naíonán agus do naíonáin. Grianghraif de bhréagáin agus d'ábhair súgartha i mboscaí le taispeántais amhairc. Grianghraif de théamaí, breathnóireachtaí agus gnáthaimh laethúla, grianghraif de na páistí níos óige sa limistéar súgartha lasmuigh.

### **Nóta Achoimre**

Tá athbhreithniú déanta ag an gchigireacht ar na gníomhartha agus ar an bhfianaise a cuireadh isteach. Tugadh aghaidh leordhóthanach ar na neamhchomhlíonadh a sainithníodh faoi Rialachán 19(1)(a) &(b).

## Cuid VI - Sábháilteacht

### Rialachán 23 - Sláinte, sábháilteacht agus leas linbh a chosaint

Cinntoidh soláthraí cláraithe go ndéanfar gach beart réasúnach chun sláinte, sábháilteacht agus leas linbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís a chosaint agus cinntoidh sé nó sí go mbeidh timpeallacht na seirbhíse sábháilte.

#### Faisnéis maidir le Nearnh Comhlíonadh:

##### Sábháilteacht Ghinearálta:

Chuir na neamhchomhlíonadh seo a leanas riosca shábháilteacht ar na leanaí a bhí ag freastal:

1. Coinníodh doirse dóiteáin ar oscailt le dingeacha rubair agus earraí éadaí. Tugadh an cleachtas seo faoi deara sa chistin, sa seomra bia, sna limistéir sláintíochta, san fhóntas agus sa limistéar a bhí le haghaidh clúidín a athrú, agus bhí baol sábháilteachta ann do na páistí réamhscoile i gcás éigeandála dóiteáin.
2. Stóráileadh trealamh briste a bhí inrochtana do na páistí sa limistéar súgartha lasmuigh. Áiríodh leis seo fráma dreapadóireachta agus céimeanna plaisteacha dearga a bhí briste agus a d'úsáid na páistí. Chuir sé seo riosca sábháilteachta ar fáil do na páistí réamhscoile. Admhaítear gur baineadh as na céimeanna dearga agus an fráma dreapadóireachta glas nuair a tharraing cigirí na luathbhlianta aird na foirne air.
3. Bhí málaí láimhe na foirne le hearraí pearsanta ar theacht na bpáistí réamhscoile ar an urlár ar an bpríomhchonair in aice le seomra Montessori ina raibh baol sábháilteachta ann do na páistí réamhscoile.

##### Rialú Ionfhabhtuithe:

Breathnaíodh ar na neamhchomhlíonadh seo a leanas a bhí ina riosca tras-ionfhabhtaithe do na leanaí réamhscoile:

Bhí an nós imeachta athraithe clúidín ag teacht salach ar pholasaí na seirbhíse.

4. Bhí an mata a bhí ann le haghaidh athrú clúidín stróicthe sa limistéar ainmnithe, rud a d'fhág go raibh sé deacair glanadh éifeachtach a dhéanamh.
5. Níor glanadh an mata a bhí ann le haghaidh clúidín a athrú tar éis gach úsáid mar bhí ábhar salachar daonna ar an mata a bhí ann le haghaidh clúidín a athrú sa limistéar ainmnithe.
6. Ní raibh aon fhianaise ann gur cuireadh boscaí bruscair pedal féin shéalaithe cruthúnas sceite ar fáil sa limistéar a bhí ag athrú clúidín chun clúidíní leanaí a dhiúscairt go sábháilte.
7. Tugadh faoi deara nár nigh an fhoireann nó na páistí a lámha roimh nó tar éis an nós imeachta ag athrú clúidín.

8. Níor comhlíonadh le diúscairt shábhailte do clúidíní shalach sa tseirbhís. Tugadh faoi deara gur fhág baill foirne an limistéar ainmnithe le haghaidh clúidín a athrú leis an clúidín salach ina lámh agus shiúil siad síos an dorchla tríd an gcistin agus fónais chun fáil réidh leis an clúidín sa cheantar lasmuigh agus na lámhainní agus an naprún céanna á gcaitheamh acu agus clúidín linbh á n-athrú acu.
9. Bhí pota le feicéal líonta le sreabháin choirp sa limistéar sláintíochta ainmnithe do dhaoine fásta. Tugadh faoi deara gur úsáid na páistí an pota seo faoi dhó gan é a fháiliú, a ghlanadh nó a steiriliú idir úsáid in ainneoin gur chuir na cigirí an fhoireann ar an eolas. Bhí sé seo ag teacht leis an bpolasaí seirbhíse maidir le rialú ionfhabhtaithe.
10. Stóráladh araid chos bhriste lán d'earraí dramhaíola ar an bpríomhchonair taobh amuigh de sheomra na Leanbh a raibh rochtain ag leanaí air.
11. Bhí sé le feicéal go raibh stóráil míchuí ar fhoirmle púdraithe na naíonán. Bhí sé stóráilte i mála oscailte sa limistéar ainmnithe atá le haghaidh athrú clúidín a dhéanamh agus bhí sé seo ag teacht leis an mbeartas seirbhíse maidir le rialú ionfhabhtaithe agus treoirilínte Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann maidir le foirmle púdraithe na naíonán a ullmhú agus a stóráil.
12. Stóráileadh earraí pearsanta éadaí agus bréagáin bhoga leanaí go míchuí ar chrochadóirí thar aonad athraithe soghluaiste sa limistéar ainmnithe clúidín.
13. Stóráladh dhá bhosca oscailte le éadaí agus earraí spáráilte go míchuí faoin gcuntar sa limistéar ainmnithe clúidín.
14. Cuireadh aonad athraithe clúidín soghluaiste go míchuí os comhair na mbáisíní níocháin sa limistéar sláintíochta in aice le seomra na Lapadán. Chuir sé seo bac ar rochtain ar na báisíní níocháin lámhe agus ar cheann den dá leithreas a d'úsáid na páistí. Bhí baol tras-ionfhabhtaithe ag baint leis seo.
15. Níor tharla steiriliú duidíní leanaí de réir pholasaí na seirbhíse. Tugadh faoi deara go dtitfeadh duidín linbh ar urlár sheomra na Lápadán agus tugadh faoi deara go raibh ball foirne ag cur an duidín faoi uisce bog agus á chur ar ais i mbéal an linbh réamhscoile. Bhí baol tras-ionfhabhtaithe ag baint leis seo. Tugadh faoi deara go raibh steiriliú ar fáil le húsáid sa chistin seirbhíse ach níor úsáideadh é.
16. Níor coinníodh íosmhéid spáis de 50cm idir na leapacha cruachta le linn soláthar codlata sa seomra Lapadán tar éis lóin. Cuireadh leapacha thart ar 22cm óna chéile. Bhí baol tras-ionfhabhtaithe ag baint leis seo.

## Coladh Sábháilte:

17. Níor coinníodh teocht an tseomra codlata ainmnithe idir 16°C agus 20°C agus idir 18°C agus 22°C sa seomra Lápadáin. Taifeadh na teochtaí seo a leanas sa dá sheomra agus bhí leanaí ina gcodladh le teocht an tseomra ag 23°C agus 23.6 °C. Admhaítear go dhúirt an bainisteoir go raibh deacrachtaí acu

teochtaí leordhóthanacha an tseomra codlata a choinneáil, ach, ní raibh aon ghníomhartha feabhsúcháin déanta chun na teochtaí seo a laghdú. Bhí sé seo i mbaol do na páistí codlata.

18. Tugadh faoi deara nach raibh aon gléas tomhais teochta ar fáil chun monatóireacht a dhéanamh ar theochtaí an tseomra in aon cheann de na seomraí cúraim nó seomra codlata a bhí ainmnithe sa tseirbhís.

19. Tugadh faoi deara nach raibh aon solas ar fáil sna seomraí codlata chun cabhrú leis na páistí a fheicéal agus iad ina gcodladh. Ní raibh aon cnaipe múchadh ná gléas soilsithe ar fáil don fhoireann chun dath na bpáistí a fheicéal agus iad ina gcodladh sa tseirbhís a thaifeadadh go cruinn. Thaispeain na taifid go raibh gnáth dath ar na linbh, ach ní raibh aon bhealach ag an bhfoireann a ndath a sheiceáil mar go raibh na seomraí dorcha. Dúirt an fhoireann go raibh orthu an tóirse a úsáid ar a gcuid fóin phóca agus iad ag seiceáil leanaí.

## Sábháilteacht Dóiteáin:

20. Tugadh faoi deara gur tógadh scafall sa limistéar súgartha lasmuigh. Chur sé seo bac ar na bealaí amach do na páistí réamhscoile is óige idir 10 mí agus 3 bliana d'aois i gcás éigeandála nó tine. Áiríodh leis seo freisin an seomra codlata ainmnithe do leanaí faoi bhun 2 bhliain d'aois agus do leanaí os cionn dhá bhliain d'aois a bhí ina gcodladh ar leapacha cruachta sa seomra Lápadáin. Bhí sé seo ina riosca sábháilteachta do na páistí réamhscoile i gcás éigeandála.

Cuireadh atreorú chuig Roinn Dóiteáin na Gaillimhe ar an 10/09/2024 maidir leis an gceist sábháilteachta seo.

21. Cuireadh bac ar na bealaí dóiteáin ar na príomhchonairí le trealamh súgartha leanaí, marcaíocht ar bhréagáin agus earraí pearsanta na foirne. Bhí sé seo ina riosca sábháilteachta do na páistí réamhscoile i gcás éigeandála.

## Gníomh Ceartaitheach agus Coisctheach a chuir an Soláthraí Cláraithe isteach

Ar an 19/09/2024 chuir an soláthraí cláraithe an méid seo a leanas in iúl.

### Gníomhaíocht Cheartaitheach agus Choisctheach

1. Tá gach doirse dóiteáin dúnta sa chistin, sa seomra bia, sna limistéir sláintíochta, sa limistéar fónais agus athraithe clúidíní, baineadh gach dingeacha dorais agus bacainní.
2. Tógtar an trealamh a briseadh ón limistéar súgartha lasmuigh. Tá seicliosta laethúil i bhfeidhm. Cinnteoidh an fhoireann go bhfuil an limistéar súgartha lasmuigh sábháilte agus glan, nach bhfuil aon trealamh briste nó contúirteach ann agus go bhfuil na geataí agus na glais go léir i riocht maith. Cuirfear oiliúint ar fáil nuair is gá.

3. Tá áit ar leith curtha ar fáil don fhoireann chun earraí pearsanta a choinneáil chun aon riosca do shábháilteacht leanaí réamhscoile a sheachaint. Tá taisceadáin ordaithe.

## Sábhailteach Ginearálta

Tá nós imeachta nuashonraithe maidir le hathrú clúidín de réir pholasaí na seirbhíse curtha ar an mballa

Tá oiliúint faighte ag gach ball foirne maidir le tras-ionfhabhtú a chosc agus treoirlínte dea-chleachtas maidir le hionfhabhtú a chosc, clúidíní a athrú, glanadh agus rialú ionfhabhtaithe. Cinnteoidh an soláthraí cláraithe go leanfar treoirlínte athraithe clúidíní de réir pholasaí na seirbhíse.

Cinnteoidh an soláthraí cláraithe go ndéantar clúidíní salach a dhiúscairt go sábháilte.

Déantar potaí na leanaí a ghlanadh agus a dhíghalrú tar éis gach úsáid. Déanfaidh an bainisteoir monatóireacht ar an gcleachtas seo go rialta.

1. Baineadh an bosca bruscair as an dorcha taobh amuigh den seomra Leanbh. Cinnteoidh an soláthraí cláraithe go gcloítear le cleachtas sláinteachais agus go bhfuil tábhacht ag baint le treoirlínte dea-chleachtas maidir le rialú ionfhabhtaithe a chosc.
2. Baineadh na buidéal fhoirmle naíonán púdraithe ón limistéar athraithe clúidín agus stóráiltear iad anois de réir treoirlínte dea-chleachtas agus an FSAI sa chuisneoir seirbhíse. Tá oiliúint faighte ag baill foirne maidir le foirmle naíonán a stóráil.
3. Baineadh míreanna pearsanta éadaigh agus bréagáin bhoga na bpáistí as na crúcaí sa limistéar athraithe clúidín ainmnithe agus stóráilte go cuí. Tá na crúcaí bainte den bhalla.
4. Tá dhá bhosca stórála clúdach fuarthas chun éadaí breise do leanaí a stóráil faoin gcuntar sa limistéar athraithe clúidíní.
5. Tá an t-aonad athraithe clúidín bainte as limistéar sláintíochta an tseomra Toddler.
6. Úsáidfear an steirilitheoir chun gach soothers a steiriliú agus coimeádfar taifid.

## Codladh Sábháilte:

9. Beidh na leapacha cruachta spásáilte go cuí 50cm óna chéile. Beidh gléas tomhais ar fáil chun an leithead molta a thomhas.
10. Tá obair dheisiúcháin agus chothabhála á ndéanamh ag na tógálaithe faoi láthair agus meastar go mbeidh na hoibreacha críochnaithe faoi lár mhí Dheireadh Fómhair 2024.
11. Úsáidfear feistí seiceála teochta chun monatóireacht a dhéanamh ar theochtaí an tseomra go dtí go mbeidh an obair dheisiúcháin agus cothabhála críochnaithe.

12. Úsáidfidh an fhoireann toirse chun na páistí codlata a sheiceáil go cruinn agus a ndath a thaifeadh go cruinn.

## Doiciméid tacaíochta a cuireadh isteach

### Sábháilteacht Ghinearálta:

Cuireadh grianghraif de na doirse dúnta gan bhacainní sa tseirbhís, grianghraif de sheicliostaí don limistéar lasmuigh, grianghraf d'admháil do cheannacht na thaisceadáin agus grianghraf de bhoscaí stórála clúdaithe.

### Rialú Ionfhabhtaithe:

Grianghraf de mata nua le haghaidh athraithe clúidín a dhéanamh, boscaí bruscair nua aerdhíonach inséalaithe, taifid glantacháin agus seicliostaí, an polasaí athraithe clúidíníní, grianghraf de phota glan agus comharthaíocht chun pota a ní agus a dhíghalrú tar éis gach úsáide. Griangraif do bhuidéal bainne páistí óga stóráilte sa gcuisneoir. Grianghraf den limistéar athraithe clúidín le crúcaí bainte agus bréagáin bhog agus earraí pearsanta leanaí bainte amach as an tseomra anois. Grianghraf de na boscaí stórála le clúdach chun éadaí breise do leanaí a stóráil go sábháilte. Griangraif den seomra sláintíochta I seomra na Lápadaín. Grianghraf den steirilitheoir seirbhíse agus leabhar taifid le dul leis.

### Codladh Sábháilte:

Grianghraf de na leapacha inchruachta 50 cm óna chéile, cóip de litir ón ngníomhaireacht réigiúnach atá freagrach as cothabháil agus deisiú an áitribh. Grianghraf de na gléasanna nua seiceála teochta a ceannáidh do na seomraí codlata.

## Cuid VI - Sábháilteacht

### Rialachán 27 – Maoirseacht

*Cinntoidh soláthraí cláraithe go ndéanfar maoirseacht i gcónaí ar leanaí réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís.*

### Faisnéis maidir le Comhlíonadh:

Le linn na cigireachta chinntigh an bainisteoir agus an fhoireann go ndéantar maoirseacht ar na páistí réamhscoile i gcónaí sa timpeallacht laistigh agus lasmuigh.

# Tuarascáil Rialála Chigireacht na Luathbhlianta Réamhscoil

Tar éis eachtra le déanaí, fuair baill foirne i ngach seomra cúraim oiliúint i bpolasaithe na seirbhíse agus bhí siad ar an eolas faoina róil agus a bhfreagrachtaí maidir le maoirseacht a dhéanamh ar leanaí le linn oibriú na seirbhíse. Coinníodh na riachtanais rialála do dhaoine fásta a thugann aire do leanaí i ngach seomra cúraim. Chinntigh an fhoireann go ndéantar maoirseacht ar leanaí le linn am béilí agus cé gur bhain leanaí úsáid as na limistéir sláintíochta agus le linn nósanna imeachta athraithe clúidín. Thug leagan amach na háise deis don fhoireann maoirseacht a dhéanamh ar leanaí trí fhuaim agus trí feicéal.

## Cuid VII - Ceanglais maidir le háitribh agus Spás

### Rialachán 29 - Áitribh

*Cinntoidh soláthraí cláraithe maidir le háitreabh na seirbhíse—*

*(d) go ndéanfar é a ghlanadh, a chothabháil agus a dheisiú, de réir mar is gá, agus*

*(e) go mbeidh saoráidí sláintíochta atá leordhóthanach agus oiriúnach feistithe ann.*

#### Faisnéis maidir le Neamh Comhlíonadh:

(d)

Bhí fianaise ann go raibh taise agus caonach ar uas-teorainn an tseomra fónais, síleáil agus ballaí leithreas na foirne agus seomra slíús a raibh gá le tuilleadh imscrúdaithe, cothabhála agus deisiúcháin ghairmiúil a dhéanamh ann. Tarraingíodh aird air sin i dhá thuarascáil roimhe seo le dátaí 30/6/2022 agus 6/03/2024. Aithnítear go raibh tús curtha leis an obair lá na cigireachta chun dul i ngleic leis na fadhbanna seo.

(e)

1. Ní raibh líon leordhóthanach leithreas do dhaoine fásta ar fáil sa tseirbhís. Bhí leithreas amháin do dhaoine fásta ar fáil nuair a bhí ar a laghad péire ag teastáil. Bhí an dara leithreas do dhaoine fásta á úsáid anois ag na páistí réamhscoile. Tugadh faoi deara triúr páistí ag úsáid an leithris seo le linn na cigireachta chomh maith.

Thug an fhoireann le fios go n-úsáidtear an leithreas seo go rialta do na páistí sa Seomra Spreaí.

Tá aon bhall foirne déag ar a mhéad ag obair san áitreabh. Tá leithreas amháin ar a laghad agus báisín níocháin amháin ag teastáil do gach ochtar daoine fásta.

2. Ní raibh báisín láimhe níocháin ar leith ar fáil don aonad athraithe clúidín atá suite sa limistéar sláintíochta amach ó sheomra na Lápadáin.

# Tuarascáil Rialála Chigireacht na Luathbhlianta Réamhscoil

## Gníomh Ceartaitheach agus Coisctheach a chuir an Soláthraí Cláraithe isteach

Ar an 19/09/2024, chuir an soláthraí cláraithe an méid seo a leanas in iúl:

### Gníomhaíocht Cheartaitheach agus Choisctheach

- Tá tús curtha leis na hoibreacha cothabhála agus deisiúcháin ó mhaidin na cigireachta 9/09/2024. Is é lár mhí Dheireadh Fómhair an dáta measta le críochnú. Tá sceideal glantacháin i bhfeidhm agus déanann an soláthraí cláraithe iarracht an t-áitreabh a ghlanadh, a dheisiú agus a chothabháil de réir mar is gá.
- Níl an leithreas do dhaoine fásta á úsáid ag na páistí réamhscoile anois. Bainfidh na páistí úsáid as na leithris i gceantar sláintíochta na Lapadáin as seo amach.
- Baineadh amach an t-aonad athraithe clúidín atá lonnaithe i limistéar sláintíochta na Lapadáin. Tá tús curtha le hoibreacha chun básin níocháin bhreise a shuiteáil agus aonad le scáileán a chur sa limistéar ainmnithe atá le haghaidh athrú clúidín.

### Doiciméid tacaíochta curtha isteach

Cuireadh cóip de litir ón ngníomhaireacht réigiúnach agus grianghraif isteach.

## Nóta Achoimre

Rinne an chigireacht athbhreithniú ar na gníomhartha a rinne an soláthraí cláraithe chun aghaidh a thabhairt ar na neamhchomhlíonadh a sainithníodh i Rialachán 29 (d) agus (e) agus déanfar athbhreithniú orthu ar an gcéad iniúchadh eile. Is é lár mhí Dheireadh Fómhair 2024 an dáta críochnaithe a bhfuiltear ag súil leis na hoibreacha atá dlite.

# Early Years Inspectorate Regulatory Report

## Pre School

<b>TUSLA Identifier:</b>	TU2015GY169
--------------------------	-------------

<b>Name of Service:</b>	Naíolann na n Oileáin
-------------------------	-----------------------

<b>Address of Service:</b>	Tir an Fhia, Lettermore, Co. Galway
----------------------------	-------------------------------------

<b>Eircode:</b>	H91 DWV1
-----------------	----------

<b>Name of Registered Provider:</b>	Peadar Ó Maoláin
-------------------------------------	------------------

<b>Service type:</b>	Full Day, Part Time, Sessional
----------------------	--------------------------------

<b>Date of Inspection:</b>	09/09/2024
----------------------------	------------

<b>No of pre-school children:</b>	AM	24	PM	30
-----------------------------------	----	----	----	----

<b>Address of the Early Years Inspectorate:</b>	Tusla - Child and Family Agency, Early Years Inspectorate, Quality Assurance Directorate, Clinical & Administration Building, Block A- (1st Floor-Green Corridor), Merlin Park, Galway
<b>Inspection undertaken by:</b>	F Nic Dhonnacha & S.Ó Miodhcain
<b>Title:</b>	Early Years Inspectors

### Authority to Inspect

The Tusla Early Years Inspectorate carries out inspections of Early Years Services under Section 58(J) of the Child Care Act 1991 (as inserted by Section 92 of the Child and Family Agency Act 2013).

<b>Conditions if applicable</b>	Not applicable
---------------------------------	----------------

### Description of service

